



Department of
Education

www.deni.gov.uk

AN ROINN
Oideachais

MÁNNYSTRIE O
Lear



INVESTOR IN PEOPLE

PHOTO REDACTED DUE TO THIRD PARTY RIGHTS OR OTHER LEGAL ISSUES

GACH SCOIL INA SCOIL MHAITH

Tacú le Daltaí Núíosacha

CLÁR ÁBHAR

Caibidil		Leathanach
	Brollach ón Aire Oideachais	i.
	Ráiteas Beartais	iii.
A	Achoimre Fheidhmeach	1
B	Réamhrá.....	3
C	An Bealach ina dTacaímid le Daltaí Núíosacha Leas a bhaint as an gCuraclam.....	11
D	Róil, Freagrachtaí agus Cistiú	21
E	An Méid atá Fós le Déanamh Againn.....	25
Aguisíní		
larscríbhinn A	Sainmhínithe ar ‘Mhionlaigh Eitneacha’	27
larscríbhinn B	Na Cáilíochtaí is Airde a Bhain Lucht Fágála Scoile Amach de réir Bunús Eitneach	29
larscríbhinn C	Rannpháirtithe sa Bheartas	31
larscríbhinn D	An tSeirbhís Chuimsithe agus Éagsúlachta - Freagrachtaí	35
larscríbhinn E	Punann na dTeangacha Eorpacha	37
	Acmhainní Úsáideacha agus Láithreáin Gréasáin	39

BROLLACH LE CAITRÍONA RUANE CTR AN TAIRE OIDEACHAIS

Le blianta beaga anuas, tá an méadú i líon na ndaoine ó áiteanna éagsúla san Áise, san Afraic, san Eoraip agus i gCríocha Mheiriceá a bheartaíonn ar oibriú anseo agus a gclainne a thógáil anseo tar éis an deis a thabhairt dár sochaí, ár bpobal scoile san áireamh, éirí an-éagsúil agus ilchultúrtha.

Tá siad tar éis feabhas a chur ar ár dtaithí oideachais agus tá ár scoileanna ag cruthú atmaisféar ilchultúrtha teasa, cúraim, tuisceana agus measa chun go mbeidh rath ar ár ndaltaí go léir.

Táim lán-sásta beartas na Roinne Oideachas um thacú leis na daltaí núíosacha seo sa scoil a chur os do chomhair.

Cuid lárnach dár dtiomantas le caighdeáin na scoileanna a ardú is ea ligean do gach leanbh a c(h)umas a bhaint amach. Tá an beartas seo deartha chun creat a chruthú ina gcuirtear fáilte roimh dhaltaí núíosacha agus ina bhfuil meas orthu inár scoileanna agus ina mbíonn teacht acu ar réimse iomlán an churaclaim.

Tá oideachas maith ríthábhachtach maidir le deiseanna a ghiniúint sa saol, ar nós deis chun cáilíochtaí agus fostaíocht a fháil agus páirt a ghlacadh sa tsochaí. Is é ár dtasc agus na caighdeáin oideachais a ardú againn ná ligint dár ndaltaí núíosacha an tacaíocht atá de dhíth orthu a fháil chun an deis is fearr is féidir a thabhairt dóibh lena gcumas a bhaint amach.

Tá cur chuige sa scoil iomlán ag teastáil lena chinntiú gur féidir le gach leanbh agus duine óg, cibé scoil ina bhfuil siad rollaithe, cibé pobal nó tír óna dtagann siad nó cibé cuid den tír ina bhfuil siad ina gcónaí, páirt iomlán a ghlacadh i gcuraclam na scoile.

Tá mórán samplaí iontacha againn de scoileanna a bhfuil fianaise spreagúil iontu ar an gcaoi a bhfuil caighdeáin arda tacaíochta á seachadadh acu dá ndaltaí núíosacha. Is féidir níos mó ná sin a bhaint amach, áfach. Ní bhainfear amach ionchais arda gan tacaíocht láidir ó thuismitheoirí agus ón bpobal. Chomh maith leis sin, aithním an tábhacht a bhaineann le hoibriú i gcomhpháirtíocht agus gur gá príomhchaidrimh sa réimse seo a fhorbairt idir ranna rialtais, a ngníomhaireachtaí agus an earnáil dheonach.

Tá súil agam go dtabharfaidh an doiciméad seo creat buan do scoileanna le tacú lena ndaltaí núíosacha. Le chéile, is féidir linn difríocht mhór a dhéanamh sa tslí a bhfáiltítear roimh theaghlaigh núíosacha inár bpobal.



Aibreán 2009

RÁITEAS BEARTAIS

1. Is é fíis na Roinne Oideachais ná ‘deimhin a dhéanamh de go mbaineann gach foghlaimeoir amach a c(h)umas iomlán ag gach céim den fhorbairt’. Is ceart bunúsach an duine é an ceart chun oideachais agus ba chóir go mbeadh an deis ag gach leanbh agus duine óg, trí pháirt a ghlacadh ar scoil, chun na caighdeáin ghnóthachtála oideachais is airde is féidir a bhaint amach. Aithníonn an Roinn, áfach, go bhfuil gach leanbh uathúil agus go mbíonn deacrachtaí ag leanaí agus daoine óga áirithe le foghlaim, dul chun cinn agus a gcumas a chomhlíonadh ar raon leathan cúiseanna.
2. Cúis amháin a chuireann isteach ar a lán daltaí núíosacha ná an deacracht a bhíonn acu leis an teanga teagaisc sa chás nach bhfuil sí mar an mháthairtheanga acu. Uaireanta, ach ní i gcónaí, tagann daltaí núíosacha ó mhionlaigh eitneacha agus beidh tacaíocht ag teastáil uathu siúd i gcónaí agus iad ag dul i dtaithe ar scoil, phobal agus chultúr nua. Is é an riachtanas is mó a bhíonn acu áfach, ná tacaíocht leis an teanga i dtreo is go mbíonn siad in ann oideachas a fháil tríd an gcuraclam.
3. I dTuaisceart Éireann, is féidir le tuismitheoirí rogha a dhéanamh oideachas a chur ar a gcuid leanaí trí Bhéarla nó trí Ghaeilge. Cé go bhfreastalaíonn an chuid is mó de dhaltai núíosacha ar scoileanna Béarla, tá na roghanna céanna acu siúd agus ag a dtuismitheoirí chun scoileanna agus teanga teagaisc a roghnú.
4. Ar mhaithe leis an mbeartas seo úsáidtear an téarma ‘dalta núíosach’ chun tagairt do leanbh nó dhuine óg atá tar éis rollú i scoil ach nach bhfuil na scileanna teanga sásúla aige/aici chun páirt iomlán a ghlacadh i gcuraclam na scoile agus nach bhfuil teanga chomhchoiteann aige/aici leis an múinteoir. Ní bhaineann sé le daltaí dúchasacha a fhreastalaíonn ar ghaelscoil. Pléitear leis an gcás sin faoin mbeartas gaelscolaíochta. Tugadh Béarla mar theanga bhreise ar an mbeartas seo roimhe seo.
5. Le blianta beaga anuas, tá méadú bliain ar bhliain ar líon na ndaltaí núíosacha nach bhfuil in ann leas a bhaint as an gcuraclam go héasca, toisc go bhfuil deacrachtaí acu leis an teanga. Chomh maith leis sin, tá méadú in éagsúlacht na dteangacha a bhfuil ina máthairtheangacha ag na leanaí seo. Mar thoradh ar sin tá an Roinn tar éis tús áite a thabhairt do bheartas a fhorbairt agus creat a chur i bhfeidhm lena chinntiú go bhfaigheann daltaí núíosacha an tacaíocht atá de dhíth orthu chun leas a bhaint as an gcuraclam i dtreo is gur féidir leo a gcumas iomlán a bhaint amach.
6. I gcomhairle leis na príomhpháirtithe leasmhara, dréachtaíodh beartas agus cuireadh faoi réir chomhairliúchán poiblí 3 mhí é. Léiríonn an anailís ar na freagairtí a fuarthas tacaíocht láidir don dréachtbheartas. Mar thoradh ar sin tá an beartas seo a leanas á ghlacadh ag an Roinn go foirmiúil maidir le daltaí núíosacha.

Beartas um Thacú le Daltaí Núíosacha Leas a bhaint as an gCuraclam

7. Is é beartas na Roinne tacú leis na Boird Oideachais agus Leabharlaine (BOL) agus na scoileanna ag cur fáilte roimh dhaltaí núíosacha ina bpobal scoile i dtreo is go gcabhraítear leo an teanga teagasc a fhoghlaim, cibé Béarla nó Gaeilge atá i gceist, i mbealach cuimsitheach, le cur ar a gcumas leas a bhaint as an gcuraclam go háirithe, agus páirt a ghlacadh i ngach gné de shaol na scoile.
8. Déanfaidh an Roinn é seo ar dhá leibhéal: - trí chreat leathan, comhsheasmhach ag leibhéal BOL agus trí chur chuige solúbtha, freagrach ag leibhéal na scoile, ag ceiliúradh na hilchineálachta cultúrtha. Is é an aidhm ná cumas agus scileanna lucht saothair na scoile a fhorbairt chun tacú le daltaí núíosacha.
9. Ar an gcéad dul síos, soláthróidh an Roinn seo cistiú chun seirbhís tacaíochta réigiúnach a chur ar fáil do na scoileanna deontaschúnta agus na scoileanna speisialta uile. Beidh ar an tseirbhís tacaíochta réigiúnach tosaíochtaí a mheas, monatóireacht a dhéanamh ar réimsí gátaire agus freagairt ar riachtanais athraitheacha i gceithre príomhréimse - tréadach, curaclaim, teangeolaíoch agus idirchultúrtha.
10. Soláthróidh an tseirbhís tacaíochta réigiúnach tacaíocht trí:
 - líonra réigiúnach comhordaitheoirí;
 - sheirbhísí aistriúcháin agus ateangaireachta ar ardchaighdeán a sholáthar;
 - fhaisnéis ilteangach a sholáthar do thuismitheoirí;
 - fhaisnéis, oiliúint agus acmhainní a sholáthar do scoileanna; agus
 - áis mheasúnaithe a sholáthar.
11. Sa dara cás, leanfaidh an Roinn seo le cistiú a thabhairt díreach do scoileanna, tríd an bhFoirmle Chómhaoinithe, ar bhonn per capita do gach dalta núíosach a bhfuil riachtanais shuntasacha sealbhaithe teanga aige/aici. Cuirfidh sé seo ar chumas scoileanna an tacaíocht is oiriúnaí a sholáthar dá ndaltaí núíosacha. Tacófar le scoileanna, tríd an tseirbhís réigiúnach, chun an úsáid is fearr a bhaint as an gcistiú seo trí chomhoibriú le scoileanna eile chun barainneachtaí scála a ghiniúint.
12. Tá an beartas seo ailínithe go dlúth leis an mbeartas uileghabhálach ar chaighdeán oideachais a ardú 'Gach Scoil ina Scoil Mhaith'. Mar aon le gach dalta eile, teastaíonn uainn a chinntiú go bhfaigheann daltaí núíosacha teagasc ar ardchaighdeán agus an deis lena gcuid eolais agus scileanna a fhorbairt sna príomhréimsí litearthachta agus uimhearthachta agus ar fud na réimsí eile den churaclam athbhreithnithe. Áit a bhfuil riachtanais bhreise eile ag dalta ar nós riachtanais speisialta oideachais, déanfar iad seo a phlé faoin mbeartas ábhartha.
13. Léiríonn an doiciméad seo an tslí inar chruthaigh an Roinn an beartas seo, na struchtúir atá ar bun faoi láthair chun é a sheachadadh agus an obair atá fós le déanamh.

Caibidil A

ACHOIMRE FHEIDHMEACH

1. Forbraíodh an beartas seo laistigh d'fhís na Roinne Oideachais - 'deimhin a dhéanamh de go mbaineann gach foghlaimeoir amach a c(h)umas iomlán ag gach céim den fhorbairt' agus ceart bunúsach an duine chun oideachais. Pléifidh an beartas leis an mbac ar fhoghlaim de bharr easpa scileanna sa teanga teagaisc agus cuirfidh sé ar chumas leanaí agus daoine óga núíosacha leas a bhaint as an gcuraclam. Pléifidh sé chomh maith leis an timpeallacht níos leithne i dtreo is go mbraithfeadh daltaí go bhfuil fáilte rompu sa scoil agus go mbeadh deis acu páirt a ghlacadh go hiomlán i saol na scoile.
2. Tá an méadú i líon na n-imirceach tar éis feabhas a chur ar ilchineálacht ár ndaonra, ar ár ndearcaí cultúrtha agus tá athrú suntasach tagtha ar an raon teangacha a labhraítear anseo anois dá bharr. I saol an oideachais, tá méadú suntasach agus foisteanach tagtha ar líon na ndaltaí núíosacha inár scoileanna mar thoradh.
3. Tá líon na ndaltaí núíosacha ó áiteanna éagsúla san Áise, san Afraic, san Eoraip agus i gCríocha Mheiriceá ag dul i méid i dTuaisceart Éireann. Chomh maith leis an méadú i líon na ndaltaí, tá ilchineálacht na gcúlraí agus riachtanais na ndaltaí núíosacha i bhfad níos leithne ná mar a bhí riamh.
4. Spreag na treochtaí athraitheacha seo an Roinn chun beartas foirmiúil a fhorbairt. Cuireadh an dréachtbheartas faoi réir comhairliúchán pobail in 2007. Fuair beartas na Roinne um thacú le daltaí núíosacha eolas trí chomhairliúchán fairsing agus cuireadh trí phróiseas forbartha dian é.
5. Is é cuspóir an doiciméid seo ná léiriú a thabhairt ar an tslí inar chruthaigh an Roinn an beartas seo le tacú le daltaí núíosacha, na struchtúir atá ar bun faoi láthair chun é a sheachadadh agus an obair atá fós le déanamh.
6. Is é beartas na Roinne seo tacú leis na Boird Oideachais agus Leabharlainne (BOL) agus leis na scoileanna ag cur fáilte roimh dhaltaí núíosacha ina bpobal scoile i dtreo is go gcabhraítear leo an teanga teagaisc a fhoghlaim, cibé Béarla nó Gaeilge atá i gceist, i mbealach cuimsitheach, le cur ar a gcumas leas a bhaint as an gcuraclam go háirithe, agus páirt a ghlacadh i ngach gné de shaol na scoile.
7. Déanfaidh an Roinn é seo ar dhá leibhéal: - trí chreat réigiúnach leathan, comhsheasmhach ag leibhéal BOL agus trí chur chuige solúbtha, freagrach ag leibhéal na scoile. Is é an aidhm iomlán ná cumas agus scileanna lucht saothair na scoile a fhorbairt chun tacú le daltaí núíosacha anois agus amach anseo araon.

8. Tá an Roinn tar éis cistiú a thabhairt chun seirbhís tacaíochta réigiúnach, ar a dtugtar an tSeirbhís Chuimsithe agus Éagsúlachta (SCÉ), a chur ar bun ar fud na BOL chun tacaíocht a neartú agus a fheabhsú do dhaltáí núíosacha, trí chinntiú go gcuirtear leibhéal comhsheasmhach tacaíochta agus sainchomhairle ar fáil do na scoileanna deontaschúnta agus na scoileanna speisialta uile.
9. Tá an SCÉ freagrach as réimsí oibre éagsúla ó thacaíocht scoilbhunaithe a sholáthar le haghaidh cruinnithe tosaigh idir tuismitheoirí agus múinteoirí go comhairle leantach ar riachtanais thréadacha, riachtanais bhunúsacha teanga agus tacaíocht leis an gcuraclam srl. Chomh maith leis sin, cuireann sé tacaíocht réigiúnach ar fáil do mhúinteoirí nua agus Bhoird Gobharnóirí agus tá sé ag cabhrú chun feasacht idirchultúrtha a ardú srl.
10. Is iad príomhsheirbhísí na SCÉ atá ar fáil faoi láthair ná:
 - comhordaitheoirí ilchineálachta;
 - seirbhísí ateangaireachta agus aistriúcháin;
 - láithreán gréasáin ilteangach;
 - 'toolkit for diversity in the primary school'; agus
 - forbairt ghairmiúil leanúnach.
11. Tugann an Roinn cistiú díreach do scoileanna chomh maith tríd an bhFoirmle Cómhainithe agus tugann sí leithdháiltí do scoileanna speisialta chun an tsolúbthacht a thabhairt dóibh an bealach is fearr a aimsiú leis an teanga teagaisc a mhúineadh do dhaltáí núíosacha, le cur ar a gcumas leas a bhaint as an gcuraclam. Tá a lán samplaí maithe den chaoi a bhfuil sé seo á bhaint amach ag scoileanna.
12. Tá an Roinn freagrach as monatóireacht, athbhreithniú agus bailiú sonraí maidir leis an mbeartas seo.
13. Tá an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna freagrach as cáilíocht a dheimhniú trí chigireacht ar scoileanna agus trí shuirbhéanna ar na seirbhísí tacaíochta arna soláthar ag an SCÉ.
14. Sa bhliain airgeadais 2008/2009, leithdháil an Roinn iomlán de £6,545,000 chun tacú le daltaí núíosacha.
15. Aithníonn an Roinn go bhfuil a lán oibre fós le déanamh chun tacú leis an mbeartas seo agus glacann sí mar chúram uirthi féin é seo a chur chun cinn.
16. Tá súil againn go mbainfidh ár ndaltaí núíosacha tairbhe as an mbeartas seo agus as na struchtúir atá curtha ar bun agus go gcabhróidh siad leo a gcumas iomlán a bhaint amach.

Caibidil B

RÉAMHRÁ

1. Is é cuspóir an doiciméid seo ná léiriú a thabhairt ar an tslí inar chruthaigh an Roinn an beartas seo le tacú le daltaí núíosacha, mar a shainmhínítear in alt 4 den Ráiteas Beartais, na struchtúir atá ar bun faoi láthair chun é a sheachadadh agus an obair atá fós le déanamh.
2. Cé go dtagann daltaí núíosacha ó chúla a thagann faoin sainmhíniú 'mionlach eitneach' go minic, mar a úsáidtear é in áireamh na scoileanna (féach larscríbhinn A), ní chiallaíonn eitneachas leis féin go bhfuil gá le tacaíocht teanga - m.sh. daltaí Éireannacha atá ina mbaill den Lucht Siúil, daltaí a fuair oideachas thar lear trí mheán an Bhéarla, daltaí a thagann ón dara glúin de mhionlach eitneach srl.
3. Ar an mbealach céanna bíonn tacaíocht teanga de dhíth go minic ar dhaltaí núíosacha a thagann faoin sainmhíniú 'duine geal', mar a úsáidtear é in áireamh na scoileanna, m.sh. daltaí ó thíortha an AE.


Treochtaí Athraitheacha

4. Tá sochaí na 21ú haoise tar éis éirí fíor-ilchineálach agus ilchultúrtha. Tá daoine ó áiteanna éagsúla san Áise, san Afraic, san Eoraip agus i gCríocha Mheiriceá ina gcónaí i dTuaisceart Éireann anois. Go háirithe, tá patrún fáis foisteanach le feiceáil i líon na ndaoine a thagann ó na stáit aontachais nua in Oirthear na hEorpa. Tá an méadú seo i líon na n-imirceach tar éis feabhas a chur ar ilchineálacht ár ndaonra, ar ár ndearcaí cultúrtha agus tá athrú suntasach tagtha ar an raon teangacha a labhraítear anseo anois dá bharr.
5. Tá méadú suntasach agus foisteanach tagtha ar líon na ndaltaí núíosacha inár scoileanna mar thoradh. I nDeireadh Fómhair 2008, taifeadh 6,995 dalta núíosach ar áireamh na scoileanna - os cionn 3 oiread an méid a bhí ann in 2004.

Méadú i Líon na nDaltaí Núíosacha
2004 go 2008




6. Tá líon na ndaltaí núíosacha ag dul i méid sna ceantair uile i dTuaisceart Éireann, mar sin tá gá le cur chuige réigiúnach.



7. Chomh maith leis an méadú i líon na ndaltaí, tá ilchineálacht na gcúlraí agus riachtanais na ndaltaí núíosacha i bhfad níos leithne ná mar a bhí riamh. De réir áireamh na scoileanna a rinneadh i nDeireadh Fómhair 2008, tá breis agus 40 teanga, seachas Béarla agus Gaeilge, le fáil sna scoileanna.
8. Tugann an chairt seo a leanas blas den éagsúlacht teangacha atá ann. Foroinneann a lán de na teangacha seo a thuilleadh i roinnt canúintí. Ba cheart a thabhairt faoi deara go gclúdaíonn an chatagóir 'Eile' líon neamhchinntithe teangacha. Mar sin ní féidir a bheith cinnte faoin líon iarbhír teangacha atá le fáil inár scoileanna, ach tugann fianaise starógach le fios go bhfuil beagnach 60 teanga éagsúil i gceist.

Daltaí de réir a gCéad Teanga
Deireadh Fómhair 2008



* Tá na grúpaí teanga a léirítear sa chatagóir 'Eile' róbheag le nochtadh. Is féidir dul i dteagmháil le Brainse Staitisticí agus Taighde na Roinne chun tuilleadh sonraí a fháil ar seo.

9. Tá a fhios againn go bhfuil daltaí núíosacha ag freastal ar gach cineál scoile, leis an líon is mó díobh i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna.

	Líon n Leanaí Núíosacha
Bunscoil	4,660
Iar-bhunscoil	2,142
Naíscoileanna (soláthar reachtúil)	160
Scoileanna Speisialta	33
Iomlán	6,995

10. Tá a fhios againn go bhfuil seans go mbeadh teagasc níos déine de dhíth ar leanaí a thagann isteach sa scoil ó Phríomhchéim 1 (aois 7 - 8 mbliana) ar aghaidh, agus go háirithe, daltaí núíosacha in iar-bhunscoileanna.
11. Aithnítear gur cuireadh tacaíocht phraiticiúil ar fáil chun tacú le daltaí núíosacha. Spreag na treochtaí athraitheacha seo an Roinn chun beartas foirmiúil a fhorbairt áfach.

Comhthéacs Beartais - Reachtaíocht

12. Tá ceart chun oideachais ag gach leanbh anseo. Tá an ceart daonna bunúsach seo cumhdaithe sa Human Rights Act 1998.
www.opsi.gov.uk/ACTS/acts1998/ukpga_19980042_en_1
Tá tacaíocht leis i gCoinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh, conradh idirnáisiúnta ar chearta daonna, www.unhcr.ch/html/menu3/blk2crc.htm. Seasann an beartas seo leis an gceart sin do dhaltaí núíosacha.
13. Tá údaráis phoiblí anseo, an Roinn seo agus na BOL san áireamh, faoi réir alt 75 d'Acht TÉ 1998, a chuireann iallach orthu deiseanna comhionanna agus dea-chaidreamh a chur chun cinn idir 9 ngrúpa daoine lena n-áirítear daoine a bhfuil creidimh reiligiúnacha nó dearcaí polaitiúla difriúla acu nó ó ghrúpaí cine difriúla. Táimid ag súil go mbeidh tionchar dearfach ag an mbeartas seo ar dhaltaí núíosacha, a bhfuil creidimh reiligiúnacha, dearcaí polaitiúla nó grúpaí cine éagsúla acu agus nach mbeidh drochthionchar aige ar na 6 ghrúpa eile.
www.opsi.gov.uk/Acts/acts1998/ukpga_19980047_en_1

14. De réir an Race Relations (NI) Order 1997 agus (Leasú 2003) tá sé in aghaidh an dlí idirdhealú a dhéanamh i gcoinne duine ar bith de bharr a chine sa réimse oideachais, i measc eile. www.opsi.gov.uk/si/si1997/19970869.htm
<http://www.opsi.gov.uk/Sr/sr2003/20030341.htm> Cuireann an beartas seo ar chumas na Roinne, na BOL agus na scoileanna cloí leis an reachtaíocht seo.

Comhthéacs Beartais - Straitéisí NICS

15. Tá an beartas forbartha laistigh de thorthaí ardleibhéil an Ten Year Strategy for Children and Young People www.allchildrenni.gov.uk/ten-year-strategy.pdf agus de chomh-aidhmeanna an Racial Equality Strategy www.ofmdfmi.gov.uk/race-equality-strategy.pdf
16. Ar feadh phróiseas forbartha an bheartais, tá an Roinn tar éis aird chúramach a thabhairt ar riachtanais chomhphobail tuaithe i gcomhar leis an treoir ar phromhadh tuaithe arna soláthar ag an Roinn Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe agus leis an seicliosta arna fhorbairt ag an gComhairle Forbartha Tuaithe, atá san áireamh sa Rural Proofing Annual Report. www.dardni.gov.uk/pubs-dard-strategies-reports-and-accounts-rural-proofing-guide

Comhthéacs Beartais - Oideachas

17. Tá an beartas comhsheasmhach le comhthéacs na mbeartas reatha, agus forbraíodh é laistigh díobh, ar nós an churaclaim athbhreithnithe agus roinnt beartas agus tionscnamh forbartha oideachais. San áireamh leo seo tá:
- the Policy for School Improvement - Every School a Good School (an Beartas um Fheabhsú Scoileanna - Gach Scoil ina Scoil Mhaith);
 - the Strategy for Raising Achievement in Literacy and Numeracy (an Straitéis um Ardú Feasachta i Litearthacht agus Uimhearthacht);
 - the Early Years 0-6 Strategy (Straitéis na Luathbhlianta 0-6);
 - the review of Teacher Education (an t-athbhreithniú ar Oideachas Múinteoirí);
 - the review of Special Educational Needs and Inclusion (an t-athbhreithniú ar Riachtanais Speisialta Oideachais agus Chuimsiú);
 - the review of Irish Medium Education (an t-athbhreithniú ar Ghaelscolaíocht);
 - the review of Alternative Education Provision (an t-athbhreithniú ar Sholáthar Malartach Oideachais);
 - Transfer 2010 (Aistriú 2010); agus
 - The Taskforce on Traveller Education (an Tascfhórsa ar Oideachas don Lucht Siúil).

18. Cé go dtacaíonn an beartas seo le tiomantas iomlán na Roinne chun caighdeán a ardú, agus go dtéann sé i ngleic le tearcghnóthachtáil agus go gcuireann sé feabhas ar uimhearthacht agus litearthacht, níl aon fhianaise shoiléir ann go bhfuil seans níos mó ann go mbeidh tearcghnóthachtáil i gceist do dhaltaí núíosacha. Tábla atá in Iarscríbhinn B de na cáilíochtaí is airde a bhain lucht fágála scoile amach de réir bunús eitneach, ach ní chiallaíonn eitneachas leis féin go bhfuil gá le tacaíocht sa teanga teagaisc áfach, mar a pléadh cheana féin. Aithníonn an Roinn go bhfuil bearnaí san fhianaise staitistiúil ar ghnóthachtáil dhaltaí núíosacha agus tá sí ag obair chun é seo a réiteach.
19. Go háirithe, réitíonn an beartas seo go mór leis an gcoincheap atá ag teacht chun cinn de 'riachtanas breise', a aithníonn agus a chuimsíonn an ilchineálacht laistigh den seomra ranga. Bogann an coincheap níos leithne sin ón múnla easnaimh sa leanbh agus aithníonn sé go mbíonn baic ar fhoghlaim ag mórán leanaí ag am éigin, agus ar roinnt mhaith cúiseanna.
20. D'fhéadfadh tacaíocht bhreise a bheith de dhíth ar leanbh ar bith a bhfuil bac ar fhoghlaim i gceist dó/di, chun an deacracht a shárú agus chun a c(h)umas iomlán a fhorbairt. Tá níos mó i gceist le héirim an bheartais atá ag teacht chun cinn ná cumas na scoileanna a fhorbairt chun freagairt ar riachtanais foghlama níos éagsúla na ndaltaí uile laistigh de rang, tá ilchineálacht agus difríocht a chuimsiú agus iad ag obair chun meas a chinntiú do gach duine i gceist ann chomh maith. Aithníonn an beartas seo go gcuireann deacracht shuntasach leis an teanga teagaisc bac ar fhoghlaim do dhaltaí núíosacha agus déanann sé iarracht cumas freagartha na scoileanna a fhorbairt.

An tSlí inar Chruthaíomar an Beartas Seo - Modheolaíocht

21. I Samhain 2005, rinne an Roinn tuarascáil a choimisiúnú dar teideal 'Review of English as an Additional Language (EAL)'. Chuir an t-athbhreithniú faisnéis bhunlíne ar fáil ar sholáthar, chomh maith le forléargas ar sholáthar i ndlínsí eile agus tharraing sé aird ar na saincheistanna atá ag teacht chun cinn. Tá an t-athbhreithniú le fáil ar láithreán gréasáin na Roinne ar:
www.deni.gov.uk/review_of_english_as_an_additional_language_-_november_2005.pdf
22. Ba é an toradh ar seo ná gur chinn an Roinn go raibh gá soiléir le beartas a fhorbairt.
23. In 2006, thosaigh an Roinn ar chleachtadh réamhchomhairliúcháin chun tuilleadh taighde a dhéanamh ar na saincheistanna atá ag teacht chun cinn agus le cabhrú chun an tacaíocht atá de dhíth ar dhaltaí núíosacha a aithint go díreach. Mar chuid den chleachtadh seo, rinneadh roinnt tuarascálacha a choimisiúnú.
24. Sa chéad dul síos, iarradh ar Chigireacht Oideachais agus Oiliúna na Roinne suirbhé a dhéanamh ar 'Cháilíocht na foghlama agus an teagaisc agus na caighdeáin agus torthaí a bhain foghlaimeoirí amach i ndáil leis an mBéarla a bheith á sholáthar mar Theanga

Bhreise'. Thug an tuarascáil le tuiscint go raibh neamhréireachtaí sa chur chuige maidir le soláthar agus tharraing sí aird ar roinnt saincheisteanna agus ar dhea-chleachtas chomh maith. Tá an suirbhé, a chuir eolas ar fáil don dréachtbheartas, le fáil ar láithreán gréasáin na Roinne:

www.etini.gov.uk/english_as_an_additional_language-2.pdf

25. Sa dara háit, chuir oifigigh na Roinne Príomhoidí agus múinteoirí faoi agallamh chun na saincheisteanna maidir le soláthar agus bealaí féideartha chun déileáil leo seo a phlé. Cuimsítear na torthaí sa tuarascáil 'English as an Additional Language - Summary of Interviews with Principals and Teachers'. Is féidir féachaint uirthi seo ar láithreán gréasáin na Roinne ar:

www.deni.gov.uk/leal_principal_and_teacher_interviews-2.pdf

26. Sa tríú háit, rinne an Roinn PricewaterhouseCoopers a choimisiúnú chun agallaimh a dhéanamh le heagraíochtaí neamhrialtais agus le tuismitheoirí agus leanaí a bhfuil leas acu sa soláthar do dhaltá núíosacha i scoileanna. Tá na torthaí le fáil i dtuarascáil dar teideal 'English as an Additional Language - Consultation December 2006' agus is féidir féachaint uirthi seo ar láithreán gréasáin na Roinne ar:

www.deni.gov.uk/leal_consultation_with_pupils_parents_and_ngos_-_december_2006.pdf

27. Fuair an Roinn eolas ón méid go léir atá luaite thuas chun beartas a dhréachtú dar teideal 'Supporting Ethnic Minority Children and Young People who have English as an Additional Language'. Bhí an dréachtbheartas mar ábhar de chomhairliúchán pobail, ar feadh tréimhse 14 seachtaine ón 29 Eanáir 2007 go dtí an 4 Bealtaine 2007. Glacadh le roinnt freagraí le linn shamhradh 2007 áfach, ar iarratas ó roinnt eagraíochtaí neamhrialtais. Bhí cruinnithe idir na hoifigigh agus eagraíochtaí neamhrialtais, ar iarratas, le linn thréimhse an chomhairliúcháin, chun moltaí agus freagraí a shoiléiriú. Chomh maith leis sin, chuir oifigigh seisiúin feasachta ar siúl i 10 scoil, a bhí oscailte do dhuine ar bith a raibh suim aige/aici i soláthar do dhaltá núíosacha.

28. Fuair an Roinn 184 freagra in iomlán ó raon ionadaíoch eagraíochtaí agus daoine aonair. Thacaigh na freagraí leis an dréachtbheartas den chuid is mó agus bhí roinnt moltaí úsáideacha breise iontu. Tá an anailís ar na freagraí le fáil ar láithreán gréasáin na Roinne ar:

www.deni.gov.uk/index/21-pupils_parents-pg/18-english-as-an-additional-language/analysis_consultation_responses.htm

29. Fuair beartas na Roinne um thacú le daltaí núíosacha eolas trí chomhairliúchán fairsing agus cuireadh trí phróiseas forbartha dian é. Ba mhaith leis an Roinn an deis seo a ghlacadh chun buíochas a ghabháil le gach duine a chabhraigh léi ag gach céim d'fhorbairt an bheartais. Tá liosta díobh siúd a thug cúnaimh in larscríbhinn C.

Caibidil C

AN BEALACH INA DTACAÍMID LE DALTAÍ NÚÍOSACHA LEAS A BHAINT AS AN GCURACLAM

1. Léiríonn an chaibidil seo an tacaíocht atá ar fáil cheana féin do scoileanna deontaschúnta agus scoileanna speisialta ina bhfuil daltaí núíosacha a bhfuil tacaíocht de dhíth orthu chun an teanga teagaisc a fhoghlaim. Baineann an téarma ‘scoileanna’ sa doiciméad seo le naiscoileanna, bunscoileanna, iar-bhunscoileanna agus Gaelscoileanna atá deontaschúnta, agus le scoileanna speisialta chomh maith. Is é atá i gceist le scoileanna deontaschúnta ná scoileanna a fhaigheann cistiú ón Roinn tríd an bhFoirmle Cómhaoinithe.

Tacaíocht Reatha ó na Boird Oideachais agus Leabharlann

2. Bhunaigh na cúig Bhord Oideachais agus Leabharlainne (BOL) seirbhís tacaíochta réigiúnach ar a dtugtar an tSeirbhís Chuimsithe agus Éagsúlachta (SCÉ), (ar a dtugtaí an tSeirbhís Gnóthachtála do Mhionlaigh Eitneacha roimhe seo), an 1 Aibreán 2007 chun tacaíocht a neartú agus a fheabhsú do dhaltaí núíosacha, trí chinntiú go gcuirtear leibhéal comhsheasmhach tacaíochta agus sainchomhairle ar fáil do na scoileanna uile. Cé go raibh gá an tseirbhís seo a bhunú in oirchill an bheartais dheiridh, rinneadh leasú ar a feidhmeanna agus a freagrachtaí chun torthaí an chomhairliúcháin phoiblí ar an mbeartas a léiriú. (Féach larscríbhinn D).
3. Tá an tseirbhís á bainistiú ag Bord Oideachais agus Leabharlann an Oirthuaiscirt (BOLOT) ar son na BOL uile go dtí go bhfuil an tÚdarás Scileanna agus Oideachais (ÚSO) nua ar bun. Ní hamháin go gcinntíonn an cur chuige réigiúnach creat comhsheasmhach tacaíochta, ach cabhróidh sé leis an aistriú go ÚSO ón 1 Eanáir 2010.
4. Bainistíonn Comhairleoir Réigiúnach an SCÉ agus tá foireann tacaíochta réigiúnach mar fhoireann aici a bhfuil taithí acu ar thacú le daltaí núíosacha. Trí leas a bhaint as an saineolas seo agus trí chur leis an éagsúlacht seirbhísí a bhí á soláthar ag BOL do scoileanna cheana féin, tá sí in ann a cuid tacaíochta a dhíriú go díreach ar na scoileanna a bhfuil sé ag teastáil uathu. Is é an príomhchuspóir ná cumas na scoileanna a fhorbairt le tacú le leanaí núíosacha reatha agus amach anseo, agus chun pleanáil a éascú le seirbhísí a fhorbairt.
5. Tá an SCÉ freagrach as réimsí oibre éagsúla ó thacaíocht scoilbhunaithe a sholáthar le haghaidh cruinnithe tosaigh idir tuismitheoirí agus múinteoirí go comhairle leantach ar riachtanais thréadacha, riachtanais bhunúsacha teanga agus tacaíocht leis an gcuraclam srl. Chomh maith leis sin, cuireann sé tacaíocht réigiúnach ar fáil do mhúinteoirí nua agus Bhoird Gobharnóirí agus tá sé ag cabhrú chun feasacht idirchultúrtha a ardú srl.

6. Ar nós eagraíocht ar bith, caithfidh an tsolúbthacht a bheith ag an tseirbhís feidhm a bhaint as a cuid foirne chun a seirbhísí a sheachadadh, de réir tosaíochta. Toisc go bhfeidhmíonn sí ar bhonn réigiúnach, ní mór di díriú ar sheirbhísí chun an gátar is mó a chomhlíonadh go réigiúnach, mar shampla, tionscnaimh in iar-bhunscoileanna.
7. Is iad seo a leanas roinnt de na príomhsheirbhísí atá á dtairiscint ag an SCÉ:
 - comhordaitheoirí ilchineálachta;
 - seirbhísí ateangaireachta agus aistriúcháin;
 - láithreán gréasáin ilteangach;
 - ‘toolkit for diversity in the primary school’; agus
 - forbairt ghairmiúil leanúnach.

Comhordaitheoirí Ilchineálachta

8. In Eanáir 2008, d’earcaigh an tseirbhís comhordaitheoirí ilchineálachta, agus sannadh iad do chnuasghrúpaí scoileanna. Tá leas á bhaint astu le cabhrú le scoileanna cur chuige leathan a ghlacadh, ag tabhairt tacaíochta go háirithe d’fhonn gnóthachtáil oideachasúil a ardú trí theacht ar an gcuraclam a chinntiú, chomh maith le comhtháthú tréadach agus cultúrtha. Spreagann na comhordaitheoirí scoileanna le hoibriú le chéile i gcnuasghrúpaí chun barainneachtaí scála a bhaint amach, go háirithe scoileanna i gceantair tuaithe, agus cabhraíonn siad leo a leithéid a dhéanamh.

Seirbhísí Ateangaireachta agus Aistriúcháin

9. Aithnítear go bhfuil tacaíocht ó thuismitheoirí agus cumarsáid idir scoileanna agus thuismitheoirí ina ngnéithe tábhachtacha d’oideachas gach linbh.
10. Mar sin, i bhFeabhra 2007, cuireadh dhá sheirbhís nua ar bun, trí phacáiste cistithe dhá bhliain de £175,000 ón bPacáiste Cistithe do Leanaí agus Dhaoine Óga (Children and Young People Funding Package) ar dtús, le cabhrú le scoileanna agus thuismitheoirí teacht ar ateangairí cáilithe, agus le gur féidir gnáthdhoiciméid reachtúla a bhaineanna le hoideachas a aistriú go teangacha éagsúla do mhúinteoirí, do dhaltaí núíosacha agus dá dtuismitheoirí.
11. Cé go bhfuil deireadh curtha leis an gclár cistithe áirithe sin, leanfar leis na seirbhísí seo a sholáthar trí leithdháiltí cistithe ón Roinn.
12. Faoi láthair tá na seirbhísí seo dírithe ar:
 - agallaimh thosaigh le thuismitheoirí/múinteoirí;
 - agallaimh chomhairliúcháin le thuismitheoirí;

- theagmhais chriticiúla; agus
- shaincheisteanna tréadchúraim.

13. Mar fhotháirge na seirbhísí aistriúcháin, cuireadh doiciméid bheartais scoile, atá aistrithe cheana féin, ar fáil ar an láithreán gréasáin ilteangach (féach thíos) i dtreo is gur féidir le scoileanna, tuismitheoirí nó aon pháirtithe eile a bhfuil suim acu iontu úsáid a bhaint astu.

Láithreán Gréasáin Ilteangach

14. Chun breis cabhrach a thabhairt do chumarsáid idir an scoil agus an baile, tá láithreán gréasáin ilteangach forbartha ag an SCÉ, ar féidir le tuismitheoirí núíosacha é a úsáid chun tuiscint bhreise a fháil ar an gcóras oideachais, nó múinteoirí nuair atá gnéithe den chóras oideachais á bplé acu le tuismitheoirí núíosacha.
15. Tá an láithreán gréasáin ag feidhmiú ó Mheitheamh na bliana 2007, agus tá sé ar fáil i mBéarla, i nGaeilge agus sna 15 mháthairtheanga is coitianta a úsáidtear i dTuaisceart Éireann. Is féidir rochtain a fháil air ag www.education-support.org.uk/

'Toolkit for Diversity in the Primary School'

16. Tá dúshlán roimh oileán iomlán na hÉireann cultúr bunscolaíochta atá cuimsitheach a bhunú, nach gcuireann fáilte roimh dhaltaí núíosacha amháin, ach a chinntíonn buntáiste oideachais do gach duine trí éagsúlacht theangeolaíoch, chultúrtha agus eitneach na ndaltaí.
17. Seoladh 'Together towards Inclusion - Toolkit for Diversity in the Primary School' i mí na Nollag 2007, agus cuireadh an doiciméad ar fáil do gach bunscoil ar oileán na hÉireann chun tacú leis an bpróiseas riachtanach seo. Forbraíodh an fhoireann uirlisí (toolkit) ar bhonn uile-oileánda chun cabhrú le gach múinteoir bunscoile in Éirinn tacú lena ndaltaí núíosacha. Tá sí deartha mar uirlis inúsáidte le haidhmeanna soiléire foghlama agus teagaisc a bheidh chun leasa an mhúinteora agus an dalta araon.
18. Cothaíonn an fhoireann uirlisí dearcadh dearfach ar na dúshláin agus deiseanna atá cruthaithe ag daonra scoile atá éagsúil - meas do gach duine a fhorbairt, do shaibhriú teangeolaíoch agus cultúrtha agus chun gach duine óg a ullmhú lena áit a bhaint amach sa tsochaí idirchultúrtha ina gcónaíonn siad. Is féidir leis an SCÉ tuilleadh eolais a sholáthar faoin bhfoireann uirlisí seo, atá ar fáil ag: www.education-support.org.uk/teachers/ids/toolkit-for-diversity-primary/
19. Ghlac múinteoirí go maith leis an bhfoireann uirlisí. Beartaítear obair a thosú ar fhoireann uirlisí oiriúnaithe do scoileanna speisialta agus d'iar-bhunscoileanna sa scoilbhliain 2008/2009. Tá foireann uirlisí nua pleanáilte do naíscoileanna sa toadhchái freisin.

Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

20. Soláthraíonn an SCÉ forbairt ghairmiúil leanúnach do ghairmithe oideachais maidir le daltaí núíosacha. Bíonn Príomhoidí scoile, múinteoirí, cúntóirí ranga agus foireann eile sna scoileanna i gceist, a dteastaíonn uathu cumarsáid a dhéanamh le daltaí núíosacha agus lena gcuid tuismitheoirí.
21. Le linn 2008, chuir an SCÉ tús le clár uailmhianach de sholáthar oiliúna inseirbhíse réigiúnaí, chun cabhrú le scoileanna saineolas a fhorbairt i riachtanais thréadach, churaclam agus tacaíochta teanga na ndaltaí núíosacha ar bhonn na scoile ar an iomlán.
22. Dírionn an clár ar chumas tacaíochta do dhaltaí núíosacha sna scoileanna ar fud Thuaisceart Éireann a bhunú, a dhéantar trí scoileanna a sholáthar le hoiliúint atá bunaithe in ionaid múinteoirí atá lonnaithe ar fud Thuaisceart Éireann, agus comhairle agus tacaíocht ar na hábhair a leanas:
 - fáilte a chur roimh thuismitheoirí atá nua i dTuaisceart Éireann;
 - ionduchtú na ndaltaí núíosacha;
 - foráil a dhéanamh do riachtanais thréadacha, teanga agus churaclam na ndaltaí núíosacha;
 - measúnú ar dhul chun cinn dalta núíosach;
 - forbairt ghairmiúil na múinteoirí tosaigh;
 - feasacht idirchultúrtha a chothú; agus
 - múscailt feasachta do Bhoird Gobharnóirí.
23. In 2007, chuir an SCÉ 'Primary Schools Support Programme' i bhfeidhm - feidhmiú céimneach dhá bhliain maidir le hoiliúint inseirbhíse do bhunscoileanna, atá bunaithe ar 'Together towards Inclusion - Toolkit for Diversity in the Primary School'.
24. Lena chois sin, cuireadh clár dhá bhliain atá cosúil leis i bhfeidhm - 'Post-Primary Schools Support Programme', bunaithe ar 'The Way in: Accessing Language and the Curriculum in the Post-Primary Context'.
25. Tá raon iomlán freagrachtaí na SCÉ, chomh maith leis na spriocdhátaí comhlánaithe, leagtha amach go sonrath in Iarscríbhinn D.

26. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an SCÉ ag:

**An tSeirbhís Chuimsithe agus Éagsúlachta
Bord Oideachais agus Leabharlann an Oirthuaiscirt
Ionad Bhord Aontroma
17 Bóthar an Locha
AONTROIM
BT41 4DH**

**Líne Chabhrach: 028 9448 2210
Ríomhphost: ids@neelb.org.uk**

Tacaíocht Reatha laistigh de Scoileanna

27. D'fhéadfadh cur chuige difriúil a bheith ag gach scoil ar an mbealach is fearr le tacaíocht a thabhairt do dhaltaí núíosacha. Dá réir sin, aithnítear gur gá solúbthacht a thabhairt do scoileanna cinneadh a dhéanamh ar an mbealach is fearr le scoileanna teanga a theagasc do dhaltaí núíosacha le cur ar a gcumas leas a bhaint as an gcuraclam. Mar sin féin, caithfidh siad teagasc agus foghlaim ar an gcaighdeán is airde a sholáthar, a dhíríonn ar chaighdeáin agus ar thorthaí atá gnóthaithe ag daltaí, agus na torthaí seo a úsáid mar eolas do theagasc agus d'fhoghlaim sa todhchaí.
28. Ag baint leasa as an gcistiú breise a dáileadh orthu, cheap mórán scoileanna comhordaitheoir nó rinneadh múinteoir a aithint a bheadh freagrach as daltaí núíosacha. Fostaíodh cúntóirí ranga dátheangacha i gcásanna áirithe sna scoileanna ina bhfuil líon mór daltaí núíosacha. Rinne scoileanna eile iarratais rathúla chun seirbhísí scéim Chúntóirí Teanga Comenius, arna maoiniú ag Comhairle na Breataine a fháil ó thíortha eile na hEorpa. Thacaigh na cúntóirí teanga le múinteoirí ranga chun úsáid bhunlitearthachta agus scoileanna cumarsáide a fheabhsú i gcuraclam iomlán na ndaltaí núíosacha.
www.britishcouncil.org/comenius.htm
29. Faigheann roinnt scoileanna cistiú faoi chlár na Scoileanna Méadaithe agus bhain siad úsáid as an gcistiú sin chun tacú le daltaí núíosacha agus lena dteaghlaigh. I gceantair uile BOL, tá samplaí de chlár atá á seachadadh do dhaltaí agus thuismitheoirí nach bhfuil ach beagán eolais acu ar an teanga áitiúil.
30. Cibé cur chuige lena nglacann scoil, tá sé ríthábhachtach go mbraitheann daltaí núíosacha go bhfuil fáilte rompu agus go bhfuil siad sásta sa timpeallacht agus go n-úsáidtear a leithéidí mar bhunús chun cabhrú leo foghlaim. Thug na scoileanna seo a leanas samplaí ar an mbealach inar bhain siad leas as daltaí núíosacha a bheith i láthair agus léargas ar na bealaí inar thug siad tacaíocht do na daltaí sin.

Botanic Primary School, (BELB) (Bunscoil na Lus (BELB))

"We have a number of resources for teachers and parents such as dual language books, bilingual dictionaries, an EAL resource room and a core reading scheme. In addition to this, we also have EAL teaching support for first stage learners, a number of classroom assistants and volunteers from Stranmillis 4th year students".

"Tá líon acmhainní againn do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí mar shampla leabhair dhátheangacha, foclóirí dátheangacha, seomra acmhainní BTB agus scéim príomhléitheoireachta. Lena chois sin, tá tacaíocht múinteoireachta BTB againn d'fhoghlaimoirí sa chéad chéim, roinnt cúntóirí ranga, agus oibrithe deonacha ó mhic léinn 4ú bliana an tSrutháin Mhilis."

Millburn Primary School, (NEELB) (Bunscoil Shruth an Mhuilinn BOLOT)

"In seeking to meet the children's language needs, the school adopts a communicative approach to language acquisition in line with strategies developed by the Council of Europe. We have been fortunate in that we have two highly trained specialist EAL teachers, who are committed to supporting our newcomer children in acquiring the necessary language competence and personal confidence to engage fully with their peers and to access the wider curriculum. In addition, language support classes are provided for parents and adult members of the migrant community in the school premises".

"Sna hiarrachtaí chun riachtanais teanga na leanaí a shásamh, glacann an scoil cur chuige cumarsáideach do shealbhú teanga a thagann leis na straitéisí atá forbartha ag Comhairle na hEorpa. Tá an t-ádh orainn go bhfuil beirt mhúinteoirí BTB le hardoilúint againn, agus tá siad tiomanta chun tacaíocht a thabhairt do na leanaí núíosacha an cumas teanga agus muinín phearsanta atá riachtanach a bhaint amach. Cabhraíonn sé seo le daltaí núíosacha dul i ngleic go hiomlán lena gcomhghleacaithe agus leas a bhaint as an gcuraclam níos leithne. Lena chois sin, déantar ranganna tacaíochta teanga a sholáthar do thuismitheoirí agus do bhaill fásta an phobail imircigh ar áitreabh na scoile."

St Joseph's Primary School, Lisburn (SEELB) (Bunscoil Naomh Seosaimh, Lios na gCearrbhach (BOLOD))

"They (newcomer pupils) are so determined to communicate and at this they work really hard. This has broadened all our horizons and helped us to change our teaching styles for the good of all children. Including the children in all classroom activities, preparing key words to help them understand the lesson and supporting them with adult help, all helps to create a culture of warmth, care, respect and understanding".

"Tá siad (daltaí núíosacha) meáite ar chumarsáid a dhéanamh, agus oibríonn siad go cruá leis an sprioc seo a bhaint amach. Leathnaíodh réimse smaointeoireachta na foirne ar fad dá réir agus chabhraigh sé linn ár stíleanna teagaisc a athrú chun leasa na leanaí uile. Leanáí a bheith san áireamh i ngníomhaíochtaí uile an tseomra ranga, eochairfhocail a ullmhú chun cabhrú leo an ceacht a thuiscint agus tacaíocht a thabhairt dóibh trí thacaíocht ó dhuine fásta - cabhraíonn na nithe seo go léir chun cultúr fáilteach, cúraim, measa agus tuisceana a chruthú."

Brownlow Integrated College, (SELB) (Coláiste Comhtháite Brownlow (BOLD))

"Academic success is our goal for our EAL pupils as well and we aim for them to do at least as well as their classmates. We actively celebrate our diverse community and embrace the multicultural aspect of our changing school community. A structured induction process ensures that EAL pupils feel welcome and informed upon arrival. The induction process involves a detailed interview with an interpreter present, during which we find out essential information about the pupil, academically and personally. We offer a tailored programme of language support until the pupil can cope with the demands of the curriculum. At GCSE level we offer language and subject specific support, alongside a reduced timetable at KS4. The EAL co-ordinators we have offer guidance for subject choices at the end of KS3 and the careers department in giving advice post-16".

"Rath acadúil atá mar sprioc againn dár ndaltaí BTB chomh maith agus díreann ar chinntiú go n-éiríonn chomh maith céanna leo lena bpáirtithe ranga eile. Déanaimid ár bpobal éagsúil a cheiliúradh go gníomhach agus fáiltimid roimh an ngné ilchultúrtha inár bpobal athraitheach scoile. Cinntíonn próiseas ionductaithe struchtúrtha go n-airíonn daltaí BTB go bhfuil fáilte rompu agus go dtugtar gach eolas dóibh nuair a thagann siad chun na scoile. Bíonn agallamh mionsonraithe i gceist sa phróiseas ionductaithe agus bíonn ateangaire i láthair. Is ann a fhaightear amach eolas rithábhachtach faoin dalta ar bhonn acadúil agus pearsanta. Soláthraítear clár tacaíochta teanga oiriúnaithe go dtí go mbíonn sé ar chumas an dalta déileáil le héilimh an churaclaim. Cuirtear tacaíocht teanga agus tacaíocht a bhaineann go sonrach le hábhair ar leith ar leibhéal TGM ar fáil, chomh maith le hamchlár laghdaithe ag KS4. Déanann na comhordaitheoirí BTB atá againn treoir a thairiscint ar roghanna ábhar ag deireadh KS3 agus tugann siad treoir do roinn na ngairmeacha nuair atá comhairle á tabhairt tar éis aois 16 bliana."

St Eugene's High School, (WELB) (Ardcoil Naomh Eoghain (BOLI))

"We have been able to provide support through various means to help our EAL pupils. For instance we are making good use of the support given to us by one of the diversity coordinators of the IDS. In addition to this, we have in place a visual timetable and a home school journal updated with key words by every teacher. We also have a customised welcome pack giving all the information they need about the school. The extended schools project also funds extra English classes by a teacher being trained in TESOL (Teaching of English to Speakers of Other Languages). We are contributing to a cultural programme by submitting a video produced by the students with contributing parts by students whose first language is not English".

"D'éirigh linn tacaíocht a sholáthar trí mhodhanna éagsúla chun cabhrú lenár ndaltaí BTB. Mar shampla, táimid ag baint dea-úsáide as an tacaíocht a tugadh dúinn trí dhuine de chomhordaitheoirí ilchineálachta na SCÉ. Ina theannta sin, tá amchlár amhairc curtha ar bun againn agus dialann scoile baile atá nuashonraithe le heochairfhocail ó gach múinteoir. Tá pacca fáiltithe oiriúnaithe againn freisin a thugann an t-eolas ar fad atá riachtanach faoin scoil. Maoiníonn tionscadal na scoileanna méadaithe ranganna Béarla breise freisin ó mhúinteoir atá á oiliúint i TESOL (Teaching of English to Speakers of Other Languages). Táimid rannpháirteach i gclár cultúrtha trí fhíseán a dhéanamh atá léirithe ag daltaí, a bhfuil codanna ann ó dhaltaí nach bhfuil an Béarla mar mháthairtheanga acu."

Presentation Primary School, (SELB) (Bunscoil na Toirbhearta (BOLD))

"Approximately 50% of our pupils have English as their second language. Our school community has welcomed our EAL pupils with open arms and the school ethos is evident within each child. We have been able to employ Polish and Portuguese classroom assistants as the majority of our EAL children are from these countries. Not only do they work in various classes through the school but they are invaluable in helping with the induction programme and are a vital point of information for our parents. In addition to this we use the support of one of the Inclusion and Diversity Service's diversity coordinators who provides us with advice in how best to support our EAL pupils".

"Tá an Béarla mar an dara teanga ag 50% de dhaltaí na scoile go neasach. Chuir pobal na scoile mórfháilte roimh dhaltaí BTB agus tá éiteas na scoile le brath i ngach dalta. D'éirigh linn cúntóirí ranga le Polainnis agus Portaingéilis a fhostú mar tagann tromlach na leanaí BTB ó na tíortha sin. Ní hamháin go n-oibríonn siad sna ranganna éagsúla sa scoil, ach tá siad fíorluachmhar ag cabhrú leis an gclár ionductaithe agus feidhmíonn siad mar phointe eolais atá ríthábhachtach do thuismitheoirí. Ina theannta sin, bainimid leas as duine de chomhordaitheoirí ilchineálachta na Seirbhíse Cuimsithe agus Éagsúlachta a sholáthraíonn comhairle dúinn ar an mbealach is fearr chun tacú le daltaí BTB."

Knockbreda High, (SEELB) (Ardcoil Knockbreda (BOLOD))

“As an integral part of induction, each pupil is assigned a mentor, who volunteers to assist with the daily routines of life and work in a new school environment. Teaching staff, including a trained TEFL (Teaching of English as a Foreign Language) teacher assist in the development of language skills, which helps each pupil access the school curriculum”.

“Déantar meantóir a shannadh do gach dalta mar chuid ríthábhachtach den ionduchtú, a oibríonn go deonach chun cabhrú le gnáthaimh laethúla an tsaoil agus na hoibre sa timpeallacht scoile nua. Cabhraíonn foireann teagaisc, lena n-áirítear múinteoir oilte i TEFL (Múineadh an Bhéarla mar Theanga lasachta) chun scileanna teanga a fhorbairt, a chabhraíonn le gach dalta leas a bhaint as an gcuraclam.”

St Patrick’s & St Brigid’s Primary School, (NEELB) (Bunscoil Naomh Pádraig & Naomh Bríde (BOLOT))

“We are a rural school of approximately 450 pupils and due to our geographical location are isolated from other similar sized schools. We have a wide variety of language groups represented in our school and therefore have various types of support in place. We have an EAL diversity coordinator from the Inclusion and Diversity Service, a classroom assistant and an enrichment programme running with the local post-primary school whose pupils support the oral development of our newcomer pupils”.

“Is scoil tuaithe atá ionainn le tuairim is 450 dalta, agus táimid scoite amach ó scoileanna eile atá ar chomhfhéid linn toisc an suíomh geografach atá againn. Tá éagsúlacht leathan de ghrúpaí teangacha inár scoil agus tá cineálacha tacaíochta éagsúla curtha i bhfeidhm againn dá réir. Tá comhordaitheoir ilchineálachta BTB againn ón tSeirbhís Chuimsithe agus Éagsúlachta, cúntóir ranga agus clár saibhriúcháin atá á reáchtáil leis an iar-bhunscoil áitiúil ina dtacaíonn na daltaí le forbairt labhartha na ndaltaí núíosacha atá againn”.

Oakgrove Integrated Primary School, (WELB) (Bunscoil Chomhtháite Gharrán na Darach (BOLI))

"We have been able to use the skills of a number of our staff who we have been trained in the TEFL (Teaching of English as a Foreign Language) course to support specific EAL children both in class and in an after-school club. The highlight of the school's social calendar is a celebratory multi cultural evening. It is very well attended and food is enjoyed from all the countries that our children are linked to. It is a great event for bringing together all parents and staff to celebrate the diversity of the Oakgrove community".

"Bhíomar ábalta leas a bhaint as na scileanna atá ag roinnt dár mbaill foirne le hoiliúint TEFL (Múineadh an Bhéarla mar Theanga Iasachta) chun tacú le leanaí áirithe BTB sa rang agus i gclub tar éis am scoile. An buaicphointe i bhféilire sóisialta na scoile ná oíche cheiliúrtha ilchultúrtha. Bíonn mórán daoine i láthair agus baintear taitneamh as bia ó thíortha uile na ndaltaí. Is imeacht iontach a bhíonn i gceist, a thugann na tuismitheoirí agus baill foirne uile le chéile chun éagsúlacht an phobail i nGarrán na Darach a cheiliúradh.

Caibidil D

RÓIL, FREAGRACHTAÍ AGUS CISTIÚ

1. Déantar cur síos sa chaibidil seo ar ról agus ar fhreagrachta na Roinne, na Seirbhíse Cuimsithe agus Éagsúlachta (SCÉ) agus na Cigireachta Oideachais agus Oiliúna (COO) maidir leis an mbeartas seo chun tacú le daltaí núíosacha.

An Roinn Oideachais

2. Tá an Roinn Oideachas freagrach as an mbeartas seo agus as cinntiú go ndéanann an SCÉ a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh, chun seirbhísí tacaíochta feabhsaithe a sholáthar do scoileanna le daltaí núíosacha.
3. Déanann an Roinn leithdháileadh agus monatóireacht ar chistiú na SCÉ do sheirbhísí tacaíochta na scoileanna le daltaí núíosacha, agus do scoileanna tríd an bhFoirmle Chómhainithe agus leithdháiltí chuig scoileanna speisialta.
4. Déanfaidh an Roinn monatóireacht agus athbhreithniú ar an mbeartas agus cuirfidh siad an bailiú sonraí ábhartha i bhfeidhm.

An tSeirbhís Chuimsithe agus Éagsúlachta/An tÚdarás Scileanna agus Oideachais

5. Tá an SCÉ réigiúnach freagrach as seirbhísí a sheachadadh agus a fhorbairt sa toadhchái de réir na bhfreagrachtaí atá leagtha amach in Iarscríbhinn D. Caithfidh an tSeirbhís sonraí cruinne airgeadais a sholáthar don Roinn ar bhonn míosúil.
6. Beidh ról lárnach ag an Údarás Scileanna agus Oideachais nua, a mbeidh an SCÉ mar chuid de, maidir le monatóireacht feidhmíochta i scoileanna aonair, go háirithe caighdeáin ghnóthachtála, le comhairle agus tacaíocht a thabhairt, agus le dúshlán a thabhairt mar is cuí. Tá na caighdeáin a ghnóthaíonn daltaí núíosacha mar chuid lárnach d'fheidhmíocht na scoile aonair.

An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna

7. Déanfaidh an COO monatóireacht, measúnú agus tuairisciú rialta ar éifeachtacht na straitéise seo agus ar an gcaoi a bhfuil an straitéis á cur i bhfeidhm ag an SCÉ.
8. Déanfaidh an COO suirbhé rialta ar sheirbhísí tacaíochta atá mar fhreagracht ag an SCÉ, chun cinntiú go bhfuil seirbhís ar ardchaighdeán á seachadadh, ar iarratas ón Roinn. Lena chois sin, mar chuid de chigireacht institiúideach rialta an chláir, déanfaidh an COO

measúnú ar réimse freastail na scoileanna uile ar riachtanais oideachais na ndaltaí uile, agus ar chaighdeán an tsoláthair sin. Tuairisceoidh an COO ar thorthaí oideachasúla na ndaltaí núíosacha ar an iomlán, chun cinntiú go bhfuil an leibhéal ionchasach a thagann le 'Gach Scoil ina Scoil Mhaith' á bhaint amach acu.

Scoileanna

9. Caithfidh scoileanna cinntiú go n-úsáidtear an cistiú a fhaightear chun tacú le daltaí núíosacha. Ba chóir do scoileanna an chuid sin den bhfoirmle a chaitheamh ar bhunú agus chothabháil shaineolais na foirne teagasc agus ar sheirbhísí tacaíochta, a bheidh chun leasa na ndaltaí núíosacha sa scoil.
10. Ba chóir dóibh na seirbhísí atá ar fáil ón SCÉ a úsáid nuair is féidir. Toisc go ndéanfar tromlach an ama ag teagasc Béarla nó Gaeilge don dalta núíosach a chur i gcrích sa scoil agus le foireann teagasc na scoile, molaimid do scoileanna le líon daltaí núíosacha níos lú, agus dá bhrí sin le méideanna níos lú den fhachtóir ón bhFoirmle Chómhainithe, oibriú le scoileanna eile le cur chuige comhoibrithe, a rachaidh chun leasa na ndaltaí núíosacha trí acmhainní a roinnt.
11. Ba chóir do scoileanna bealaí a chuardach le cuimsiú a chur chun cinn agus meas do dhaoine eile a fhorbairt sa phobal scoile, go háirithe trí oideachas ar shaoránacht sa churaclam athbhreithnithe, a thugann eolas agus scileanna do dhaltaí le tuiscint agus léargas a fháil ar éagsúlacht.

Cistiú

12. Déantar cur síos anseo ar na meicníochtaí cistithe atá in úsáid leis an mbeartas chun tacú le daltaí núíosacha a chur i bhfeidhm.
13. Déantar an beartas seo a mhaoiniú ar roinnt bealaí: leithdháileann an Roinn cistiú sainmharcáilte chuig an SCÉ, bíonn scoileanna deontaschúnta maoinithe go díreach tríd an bhFoirmle Chómhainithe agus faigheann scoileanna speisialta leithdháileadh ar leith.

Cistí Sainmharcáilte

14. I ngach bliain airgeadais i láthair na huair, déantar méid a shainmharcáil go sonrach do sheirbhísí tacaíochta na ndaltaí núíosacha. £1,015,000 a bhí i gceist in 2008/2009, agus leithdháil an Roinn an méid seo go díreach Roinn chuig an SCÉ le húsáid chun scoileanna a thacú le tacaíocht a thabhairt dá ndaltaí núíosacha.

Foirmle Chómhainithe

15. Is bealach í an Fhoirmle Chómhainithe ina leithdháiltear cistí neamh-shainmharcáilte na Roinne chuig scoileanna deontaschúnta. Tá fachtóir ag an bhfoirmle seo, a chuirtear ar fáil do na daltaí núíosacha sin ar taifeadadh iad in áireamh na scoileanna mar dhaltaí a bhfuil tacaíocht de dhíth orthu sa teanga teagaisc chun leas a bhaint as an gcuraclam. In 2008/2009, is é £983 an fachtóir do gach dalta núíosach, a thug iomlán a bhí beagnach cothrom le £5,500,000. Seo sa bhreis ar chistiú sainmharcáilte a leithdháileadh chuig an SCÉ.

Cistiú do Scoileanna Speisialta

16. Tugtar cistiú do scoileanna speisialta ar bhonn bliantúil i láthair na huaire. Tá an cistiú seo bunaithe ar líon na ndaltaí i scoileanna speisialta a taifeadadh in áireamh Dheireadh Fómhair. Déantar an cistiú a leithdháileadh go hiondúil chuig an SCÉ in Iúil na bliana airgeadais nua, a dhéanann an tsuim a leithdháileadh ar scoileanna speisialta le daltaí núíosacha ina dhiaidh sin. Rinneadh £30,000 a leithdháileadh ar an iomlán in 2008/09.
17. Ciallaíonn seo gur leithdháil an Roinn £6,545,000 in 2008/2009 leis an mbeartas seo a chur i bhfeidhm.

Caibidil E

AN MÉID ATÁ FÓS LE DÉANAMH AGAINN

1. Déantar cur síos sa chaibidil seo ar an méid atá fós le déanamh le beartas tacaíochta na ndaltaí núíosacha a chur i bhfeidhm.

An Roinn Oideachais

2. Tá an Roinn freagrach as monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an mbeartas seo. Déanfaidh an Roinn athbhreithniú ar an mbeartas seo tar éis 2 bhliain, chun ardchaighdeán na struchtúr tacaíochta atá leagtha amach sa doiciméad seo a chinntiú agus le déanamh cinnte go bhfuil riachtanais na ndaltaí núíosacha á sásamh. Leanfaidh an Roinn ag déanamh monatóireachta ar fhorfheidhmiú an bheartais go dtí go dtarlóidh an t-athbhreithniú.
3. Cé go bhfuil sé sonraithe cheana féin nach bhfuil aon fhianaise ann nach n-éireoidh le leanaí núíosacha, aithníonn an Roinn go bhfuil bearnaí sna sonraí a bhailítear maidir le gnóthachtáil oideachasúil na ndaltaí núíosacha agus mionlaigh eitneacha. Táimid ag déileáil leis an gceist seo le cinntiú go bhfuil bunús fianaise againn atá iontaofa. Éascóidh sonraí feabhsaithe pleanáil chun cinn na tacaíochta éifeachtaí do leanaí núíosacha agus nasctar le hobair níos leithne chun bearta comhthéacsúla breisluacha na gnóthachtála oideachais a fhorbairt.
4. Is eol dúinn go bhfuil deacracht ag scoileanna measúnú an bhfuil dalta núíosach incháilithe d'fhachtóir na Foirmle Cómhaoinithe toisc na sainmhínithe a úsáidtear. Tá treoirínte á bhforbairt againn do scoileanna i láthair na huaire.
5. Is léir don Roinn go bhfuil bearna sa chistiú do scoileanna nuair a thagann daltaí núíosacha chun na scoile tar éis áireamh na scoileanna, a dhéantar i nDeireadh Fómhair gach bliain. Táimid gnóthach ag lorg bealaí chun déileáil leis an gceist seo mar bheart práinne.
6. Déanfaidh an Roinn athbhreithniú ar an meicníocht chistithe do dhaltaí núíosacha atá i scoileanna speisialta.
7. Táimid feasach go bhfuil daltaí núíosacha i réimsí nach bhfuil cuimsithe sa bheartas seo i láthair na huaire m.sh. naíonraí pobail agus príobháideacha atá rannpháirteach i gClár Fairsingithe na Réamhscolaíochta (PSEEP) agus soláthar malartach oideachais (AEP), ach go bhfuil riachtanas tacaíochta acu mar sin féin. Táimid ag lorg bealaí leis na bearnaí sin a dhúnadh.

8. Iarrfaidh an Roinn ar an COO suirbhé rialta a dhéanamh ar na seirbhísí tacaíochta atá faoi fhreagracht na SCÉ, le cinntiú go bhfuil seirbhísí ar ardchaighdeán á seachadadh, agus go mbaineann leanaí núíosacha na caighdeáin chéanna amach is a bheifí ag súil ó gach leanbh.

An tSeirbhís Chuimsithe agus Éagsúlachta

9. Caithfidh an SCÉ mórán oibre a chur i gcrích. Tá mórchuid na hoibre ar bun cheana féin agus tá sé liostaithe in Iarscríbhinn D.
10. Tá freagracht ar an SCÉ áiseanna a fhorbairt do scoileanna maidir le measúnú tosaigh agus leanúnach. Is cosúil go ndéanfar seo trí Phunann na dTeangacha Eorpacha a oiriúnú, atá bunaithe ar Chomhchreat Tagartha na hEorpa. (Féach Iarscríbhinn E le haghaidh tuilleadh eolais). Luíonn an fhreagracht le scoileanna i gcónaí maidir le measúnú agus monatóireacht na ndaltaí aonair.

Iarscríbhinn A

GRÚPAÍ EITNEACHA MIONLAIGH LAISTIGH D'ÁIREAMH NA SCOILEANNA

- Lucht Siúil na hÉireann
- Síneach / Hong Cong
- Indiach / Srí Lancach
- Pacastánach
- Banglaidéiseach
- Cairibeach Gorm
- Afracach Gorm
- Gorm Eile
- Cóiréach
- Grúpa Eitneach Measctha
- Grúpa Eitneach Eile

Iarscríbhinn B

NA CÁILÍOCHTAÍ IS AIRDE AG LUCHT FÁGÁLA SCOILE DE RÉIR BUNÚS EITNEACH⁽¹⁾
(SLIOCHT Ó PHREASEISIÚINT STAITISTIÚIL NA ROINNE OIDEACHAIS - 6 LÚNASA 2008)

2006/2007 Iomlán	Líon	%
BÁN⁽²⁾		
<u>A-leibhéil (A levels)</u>		
3 nó níos mó (nó a gcoibhéis) ⁽³⁾	9,555	39.0
2 (nó a gcoibhéis) ⁽³⁾	1,362	5.6
1 ⁽³⁾	633	2.6
<u>TGM (GCSEs)</u>		
5+ A*-C (nó a gcoibhéis) ⁽⁴⁾	4,305	17.6
1-4 A*-C (nó a gcoibhéis) ⁽⁴⁾	4,886	19.9
Gráid eile (1+ D-G) ⁽⁵⁾	2,812	11.5
5+ A*-G (nó a gcoibhéis) ⁽⁶⁾	10,204	41.6
1-4 A*-G (nó a gcoibhéis) ⁽⁶⁾	1,799	7.3
Gan TGM ⁽⁷⁾	947	3.9
Gan Cáilíochtaí Foirmiúla ⁽⁸⁾	720	2.9
IOMLÁN BÁN	24,500	100.0
GRÚPAÍ EITNEACHA MIONLAIGH⁽²⁾		
<u>A-leibhéil (A levels)</u>		
3 nó níos mó (nó a gcoibhéis) ⁽³⁾	125	41.3
2 (nó a gcoibhéis) ⁽³⁾	16	5.3
1 ⁽³⁾	9	3.0
<u>TGM (GCSEs)</u>		
5+ A*-C (nó a gcoibhéis) ⁽⁴⁾	44	14.5
1-4 A*-C (nó a gcoibhéis) ⁽⁴⁾	50	16.5
Gráid eile (1+ D-G) ⁽⁵⁾	33	10.9
5+ A*-G (nó a gcoibhéis) ⁽⁶⁾	102	33.7
1-4 A*-G (nó a gcoibhéis) ⁽⁶⁾	25	8.3
Gan TGM ⁽⁷⁾	26	8.6
Gan Cáilíochtaí Foirmiúla ⁽⁸⁾	24	7.9
GRÚPAÍ EITNEACHA MIONLAIGH IOMLÁN	303	100.0

NÓTAÍ:

- Níl scoileanna speisialta agus neamhspleácha san áireamh.
- Tá Lucht Siúil na hÉireann san áireamh i nGrúpaí Eitneacha Mionlaigh. Níl Lucht Siúil na hÉireann san áireamh sna figiúirí 'Bán'.
- Tá cáilíochtaí AVCE san áireamh.
- Tá gráid A*-C amháin agus cáilíochtaí Idirmheánacha GNVQ san áireamh.
- Tá gráid D - G amháin agus Buncháilíochtaí GNVQ san áireamh.
- Tá Buncháilíochtaí agus Cáilíochtaí Idirmheánacha GNVQ san áireamh.
- Áirítear daoine nach ndearna aon scrúduithe TGM nó nach bhfuair torthaí grádaithe ar bith, ach a bhain cáilíochtaí eile amach mar shampla RSA, Pitman, City and Guilds srl.
- Tá daoine gan cáilíochtaí ar bith san áireamh.

NB Suimíonn na sraitheanna neamhscáthaithe go dtí an iomlán. Déanann figiúirí sna sraitheanna scáthaithe forluí le sraitheanna eile. Lena chois sin, bhí 24 dalta nár tugadh grúpa Eitneach dóibh.

Iarscríbhinn C

RANPHÁIRTITHE SA BHEARTAS

Boird Oideachais agus Leabharlainne

Belfast Education & Library Board
North Eastern Education & Library Board
South Eastern Education & Library Board
Southern Education & Library Board
Western Education & Library Board

Eagraíochtaí a bhaineann le hOideachas

Association of Teachers and Lecturers
Belfast Institute of Further & Higher Education
CCMS
East Tyrone College of Further & Higher Education
General Teaching Council NI
NAHT NI
Newstart Education Centre
North West Institute
Stranmillis University College
UCET
Ulster Teachers Union
University & College Union
University of Ulster
Upper Bann Institute

Naíscoileanna

Strathfoyle Nursery School

Bunscoileanna

Acorn Integrated Primary School
Ballyclare Primary School
Ballyhenry Primary School

Ballymena Primary School
Bangor Central Integrated Primary School
Botanic Primary School
Cranmore Integrated Primary School
DH Christie Memorial Primary School
Dundonald Primary School
Dungannon Primary School
Gillygooley Primary School
Good Shepherd Primary School
Holy Family Primary School, Magherafelt
Holy Trinity Primary School, Cookstown
Holy Trinity Primary School, Enniskillen
Lisnagelvin & Good Shepherd Primary School
Londonderry Model Primary School
Loughview Integrated Primary School
Maine Integrated Primary School
Millburn Primary School
Moirá Primary School
Newcastle Primary School
Oakgrove Integrated Primary School
Omagh County Primary School
Presentation Primary School
Pond Park Primary School
Rosetta Primary School
Strandtown Primary School
St Anne's Primary School, Strabane
St Bernard's Primary School, Glengormley
St Brendan's Primary School, Craigavon
St Bride's Primary School, Belfast
St Brigid's Primary School, Londonderry
St Colman's Abbey Primary School
St Columba's Primary School, Kilrea
St Joseph's Primary School, Belfast
St Joseph's Primary School, Carryduff
St Joseph's Primary School, Enniskillen
St Joseph's Primary School, Lisburn
St Malachy's Primary School, Coleraine
St Mary's Primary School, Claudy
St Mary's Primary School, Cushendall

St Patrick's Primary School, Craigavon
St Patrick's & St Brigid's Primary School, Ballycastle
St Peter's Primary School, Newry
Tír-na-nóg Primary School
Windmill Integrated Primary School

Iar-Bhunscoileanna

Antrim Grammar School
Ashfield Girls High School
Ballymoney High School
Bangor Academy & 6th Form College
Brownlow Integrated College
Down High School
Downshire School
Drumcree College
Edmund Rice College
Glengormley High School
Knockbreda High School
Lismore Comprehensive
Newry High School
Oakgrove Integrated College
Orangefield High School
Royal School Dungannon
St Aidan's High School
St Columban's College
St Eugene's High School, Castlederg
St Fanchea's College
St Joseph's College, Belfast
St Joseph's College, Coalisland
St Louise's Comprehensive
St Joseph's Boys' High School, Newry
St Malachy's High School

Scoileanna Speisialta

Tor Bank Special School

Eagraíochtaí

ANIMATE - Dungannon & South Tyrone Borough Council

Blind Centre (NI)

British Red Cross

Business in the Community

Children's Law Centre

Chinese Welfare Association, Belfast

Chinese Welfare Association, Derry

Coleraine Multicultural Forum

Community Relations Council NI

Disability Action

Down District Council

Embrace

Equality Commission NI

GEMS NI Ltd

Greater Shankill Community Council

Hands that Talk

Indian Community Centre

Irish National Teachers' Organisation

Latinoamerica Unida

Multi Cultural Resource Centre

National Deaf Children's Society

NICEM

NICIE

NICCY

NIMFA

NIPPA

Polish Welfare Association

SENAC

Sikh Community Association

STEP

St Colmicille's Parish

The Welcome Project

Windsor Women's Centre

Women's Forum NI

Wycliffe Bible Translators

174 Trust

Members of the public

Anna Lo MLA

SDLP

Iarscríbhinn D

SEIRBHÍS CHUIMSITHE AGUS ÉAGSÚLACHTA - FREAGRACHTAÍ

Réimse Freagrachta	Spriocdháta
<p>A Tacú le scoileanna ar cheithre phríomhaidhm:</p> <ul style="list-style-type: none"> ■ tréadach; ■ curaclam; ■ teangeolaíoch; agus ■ idirchultúrtha 	2007-Leanúnach
<p>B Foireann réigiúnach a sholáthar leis na scoileanna atá riachtanach chun tacú le múinteoirí agus iad a oiliúint ar shaincheisteanna, mar shampla:</p> <ul style="list-style-type: none"> ■ cuimsiú na ndaltaí núíosacha i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna; ■ cláir tionscnaimh speisialta; ■ obair maidir le dearcadh agus frithchiníochas; ■ foghlaim agus comhphlé idirchultúrtha; ■ éiteas na scoile agus tréadchúram; ■ feacht agus sealbhú na máthairtheanga; agus ■ naisc idir an scoil agus an pobal, trí obair idirghníomhaireachta agus chomhpháirtíochta. 	2007-Leanúnach
<p>C Forbairt ghairmiúil na foirne teagaisc a spreagadh, trí na cláir oiliúna Inset do na grúpaí seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> ■ múinteoirí tosaigh; ■ múinteoirí bunaithe; agus ■ cúntóirí ranga. 	2007-Leanúnach
<p>D Rochtain ar sheirbhísí ateangaireachta a sholáthar.</p>	2007-Leanúnach
<p>E Rochtain a sholáthar agus comhordú a dhéanamh ar aistriúcháin na ndoiciméad reachtúla, i dteangacha éagsúla, do mhúinteoirí, do dhaltaí agus dá dtuismitheoirí.</p>	2007-Leanúnach
<p>F Láithreán gréasáin ilteangach a chothabháil, a chabhróidh le cumarsáid baile/scoile trí fhaisnéis a thabhairt do dhaltaí agus dá dtuismitheoirí faoi scolaíocht agus faoi chúrsaí curaclaim i dTuaisceart Éireann.</p>	2007-Leanúnach

Réimse Freagrachta	Spriocdháta
<p>G Acmhainní teagaisc agus foghlama a fhorbairt do mhúinteoirí, mar shampla:</p> <ul style="list-style-type: none"> ■ Punann na dTeangacha Eorpacha do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna; ■ Toolkit for primary schools (eisiithe Nollaig 07); ■ Toolkit for post-primary schools; ■ Toolkit for special schools; ■ Toolkit for nursery schools; agus ■ Téacsanna dátheangacha. 	<p>2008-2010</p> <p>2007-2008</p> <p>2008-2012</p> <p>2008-2012</p> <p>2008-2012</p> <p>2008-2012</p>
<p>H Láithreán gréasáin na Seirbhíse Cuimsithe agus Éagsúlachta a sholáthar go sonrach do scoileanna chun go mbeidh rochtain acu ar acmhainní.</p>	<p>2007-Leanúnach</p>
<p>I Úsáid na 'Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide' (TFC) a chur chun cinn i gcomhthéacs an tseomra ranga agus na scoile ar an iomlán, chun tacú le riachtanais foghlama na ndaltaí núíosacha.</p>	<p>2007 - Leanúnach</p>
<p>J Monatóireacht, iniúchadh agus féinmheasúnú rialta a dhéanamh ar sheirbhísí uile na Seirbhíse Cuimsithe agus Éagsúlachta.</p>	<p>2007-Leanúnach</p>
<p>K Miondealú airgeadais a sholáthar don Roinn ar an mbealach ina n-úsáidtear maoiniú sainmharcáilte leithdháilte.</p>	<p>Míosúil</p>
<p>L Dea-chleachtas agus taighde a chur chun cinn maidir leis na smaointe is déanaí sa réimse.</p>	<p>2007-Leanúnach</p>
<p>M Fóram réigiúnach a bhunú, comhdhéanta d'ionadaíocht réamhghníomhach agus chuimsitheach na seirbhísí oideachais, le gur féidir dea-chleachtas agus smaointe nua a mhalartú.</p>	<p>Débhliantúil</p> <p>2007-Leanúnach</p>
<p>N Rannpháirtíocht i gcomhpháirtíochtaí idirghníomhaireachta.</p>	<p>2007-Leanúnach</p>
<p>O Comhoibriú idirnáisiúnta a chur chun cinn trí thaighde, líonrú, agus chomhpháirtithe idirnáisiúnta a fhorbairt cosúil le scéim Chúntóirí Teanga Comenius (Comenius Language Assistant scheme).</p>	<p>2007-Leanúnach</p>
<p>P Comhpháirtíochtaí a bhunú idir Oideachas Múinteoirí Tosaigh, Breisoideachas agus Post 16.</p>	<p>2007-Leanúnach</p>
<p>Q Comhoibriú thuaidh/theas a chothú.</p>	<p>2007-Leanúnach</p>
<p>R Idirchaidreamh a dhéanamh le Príomhoidí agus Boird Gobharnóirí, agus iad a chur ar an eolas go rialta trí sheisiúin faisnéise oiriúnaithe.</p>	<p>2007-Leanúnach</p>
<p>S Idirchaidreamh a dhéanamh le forais scrúdaithe ar mheasúnú foirmiúil agus ar bhealaí scrúdaithe.</p>	<p>2007-2009</p>

Iarscríbhinn E

PUNANN NA DTEANGACHA EORPACHA

Is féidir le múinteoirí an phunann a úsáid mar uirlis foghlama nuair atá líofacht na ndaltaí núíosacha sa teanga teagaisc á meas. Ní hamháin go mbeidh buntáiste ann don fhoireann teagaisc, ach do dhaltáí núíosacha agus dá gcuid tuismitheoirí freisin.

Is féidir le ‘Global Benchmarks of Communicative Proficiency’ (Tagarmharcanna Domhanda na Líofachta Cumarsáide), a úsáidtear i bPunann na dTeangacha Eorpacha, feidhmiú mar phointe tagartha leanúnach do mhúinteoirí mar a dhéanann siad monatóireacht leanúnach ar dhul chun cinn an dalta. Tá na tagarmharcanna sonraithe ag trí leibhéal na forbartha teanga a bhfuil tábhacht ar leith leo do dhaltáí núíosacha sa bhunscolaíocht, .i. A1, A2 agus B1.

Cabhróidh Punann na dTeangacha Eorpacha le múinteoirí:

- Na teangacha atá ag daltaí cheana féin a aithint, mar aon lenar féidir leo a dhéanamh.
- Cabhrú le daltaí tuiscint agus pleanáil maidir leis na nithe gur gá dóibh a fhoghlaim.
- Feasacht idirchultúrtha a spreagadh.

Cabhróidh Punann na dTeangacha Eorpacha le daltaí:

- A gcumas teanga a thaifeadadh, lena n-áirítear a máthairtheangacha.
- An méid atá le foghlaim acu a thuiscint ionas gur féidir leo a bheith rannpháirteach i ranganna agus i ngníomhaíochtaí uile na scoile.
- An méid atá foghlamtha acu agus an méid atá fós le foghlaim a thaifeadadh.
- A gcuid oibre a eagrú le meabhrú dóibh féin cad atá foghlamtha acu cheana féin.
- An teanga a dteastaíonn uathu d’ábhair scoile a fhoghlaim chun leas a bhaint as an gcuraclam.
- An cumas atá acu cheana féin sa teanga teagaisc a léiriú do mhúinteoirí, go háirithe má athraíonn siad rang, scoil nó fiú amháin tír.

Ina theannta sin, cuirfidh an phunann ar chumas na dtuismitheoirí dul chun cinn na leanaí ar scoil a fheiceáil.

ACMHAINNÍ ÚSÁIDEACHA AGUS LÁITHREÁIN GRÉASÁIN

An Roinn Oideachais

www.deni.gov.uk/index/21-pupils_parents-pg/18-english-as-an-additional-language.htm

'Joined Up Developing Good Relations in the School Community'

www.nicie.org/archive/Joined-Up.pdf

'Toolkit for Diversity in the Primary School'

www.education-support.org.uk/teachers/ids/toolkit-for-diversity-primary/

Láithreán Gréasáin na Tacaíochta Oideachais do Thuismitheoirí agus Mhúinteoirí

www.education-support.org.uk

Láithreán Gréasáin na Tacaíochta Oideachais - Beartais Scoile Aistrithe

www.education-support.org.uk/teachers

Migration Nation Statement on Integration Strategy and Diversity Management

diversityireland.ie/Publications/upload/File/Migration%20file.pdf

Chomhchreat Tagartha na hEorpa

www.education-support.org.uk/teachers/ids/cefr-primary/

The Learning Migration Network

www.migrationhistory.com

Trealamh Measúnaithe na Bunscoile (Primary School Assessment Kit)

www.education.ie/servlet/blobServlet/PSAK_index.htm

Up and Away

www.ncca.ie/uploadedfiles/Curriculum/inclusion/Up_and_Away.pdf

My First English Book

www.ncca.ie/uploadedfiles/Curriculum/inclusion/First_English.pdf

Má bhíonn ceist ar bith agat,
téigh i dteagmháil le:

An Grúpa Comhairleach um Bheartas
Tacaíochta Breise Oideachais
An Roinn Oideachais
Teach Ráth Gael
43 Bóthar Bhaile Aodha
BEANNCHAR
BT19 7PR

Teileafón: 028 9127 9639
Facs: 028 9127 9100
Ríomhphost: mail@deni.gov.uk
Láithreán gréasáin: www.deni.gov.uk